COLÁISTE GHOBNATAN
BAILE MHIC ÍRE, CO. CHORCAÍ

## Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

### Cruinniú Bord Bainistíochta 17ú Nollaig 2018

**Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:**

**CEISTEANNA OIDEACHASÚIL:**

**Tá múinteoirí ag obair ar thionscnaimh fé leith chun forbairt a dhéanamh ar Mhúineadh agus Foghlaim:**

Ceannaireacht Theagascach: G, W (cáilithe) T, S, F, U.

Guth an Scoláire F, W, T.

Plean Feabhsúcháin Scoile (Polasaí Oideachais Gaeltachta) A, C, G, K, J.

**Cigireacht/Meastóireacht:**

Meastóireacht Píolótach ar Thacaíocht Foghlama. Go leor ag eascairt as. Deis chun feabhas a chur ar rudaí. Tá leagan Gaeilge den tuairisc taghta (inniú – cóip sa bheart inniú). Táimid ag obair air cheana fein. Ní bheidh sé foilsithe.

**DALTAÍ:**

Bhí turas ag an rang a bhuaigh comórtas labhairt na Gaoluinne. K

Bhí ceardlann filíochta leis an bhfile, Ciara Ní É. T.

Bhí iliomaid cainteoirí faoi ghairmeacha agus cúrsaí triú leibhéal. M

D'fhreastal grúpa ar seimineár faoi phrintíseachtaí in Ionad Traenála Chorcaí. M

Tháinig Ríona Ní Bhuachalla chuig an rang Nasc Mhodúil.

Thosaigh Clár na gComhlachtaí (urraithe ag Údarás na Gaeltachta). F

Tá Comhairle na nDaltaí tosnaithe ó shin. G

Bhí turas Ealaíona ag bl. 5 agus 6 go Corcaigh. EE

**IDIRBHLIAIN:**

## Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Raidhse maith cúrsaí déant acu ó shin:

Cúrsa ar Shábháilteacht ar an mbóthar. S

Turas Eacnamaíocht Bhaile go dtí an Cookery Cottage. Y

Cúrsa Gruaigeadóireachta déanta acu. S

Banc na Scoile idir láimhe. R

Tá cúrsa dramaíochta tosnaithe acu. T

Tá 4 roghnaithe chun imeacht go dtí an tSín le linn saoire na Cásca. S

**SPÓRT:**

Bhí Bronnadh na mBonn ó anuraidh againn ar maidin, leis an aoí speisialta, Ríona Ní Bhuachalla. G

Bhí bua ag na buachaillí sínsearacha i gcomórtas na Mumhan. B,W.

**TUISMITHEOIRÍ:**

D'eagraigh Comhairle na dTusimitheoirí maidin chaife agua díolachán cístí ar an 25ú Samhain agus bailíodh €900.

**MÚINTEOIRÍ:**

Tá Donncha Ó Duinnín, Áine Ní Chuáin agus Gearóid Ó Creimín ceaptha ina bPríomhoidí Cúnta II. Beidh siad i bhfeidhil ar Folláine, Guth na nDaltaí agus Teicneolaíocht san Fhoghlaim. Comhghairdeas leo agus táim cinte go gcuirfidh siad go mór le saol an choláiste agus foghlaim na ndaltaí

Bhí cúrsa ar ACS (nó CPR) athbheochan chardascamhógach agus AED ag 8 ón bhfoireann. U

Tá triúr ag staidéar go páirt-aimseartha. L, G, T.

Bhí "measúnaithe na Nollag" againn do bhl. 3 & 6. Múnla nua a bhí ann

Bhí scrúduithe ag bl. 1, 2,5. Déanann an Idirbhliain measúnú leanúnach.

Bhí cúrsaí inseirbhíse curtha ar fáil sa Mhata agus sa Ghnó.